

Córas Leasa Shóisialaigh na hÉireann

An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh



Réamhrá

Fáiltíonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh roimh mhórchuid cuairteanna ag oifigigh ó Aireachtaí agus Gníomhaireachtaí eile dá sórt i dtíortha eile, agus is mór aici na deiseanna sin chun smaointe agus faisnéis a mhalartú leo.

Tá an leabhrán seo dírithe ar fhorhbhreathnú achomair a thabhairt ar struchtúr agus ar shaothar na Roinne agus ar na scéimeanna a bhíonn á riaradh aici, agus le cuid mhór de na ceisteanna a thagann chun cinn de linn na gcuairteanna sin a fhreagairt.

Réamhrá	1
Misean na Roinne	2
Struchtúr na Roinne	3
Oifigí Ceanncheathrún Timpeall na Tíre	4
Struchtúr Réigiúnda	4
Feidhmeanna Oifigí Réigiúnda agus Áitiúla	5
Tacaíocht Ioncaim	6
Treochtaí Caiteachais	6
Páirtíocht Shóisialta agus Méaduithe Bliantúla	8
Caiteachas de réir Clár	9
Saghsanna Scéimeanna	9
<i>Scéimeanna Neamh-Ranníocacha</i>	9
<i>Scéimeanna um Árachas Leasa Shóisialaigh</i>	10
Scéimeanna do Dhaoine Aosta	11
Tacaíochtaí Grúpaí Aoise Gníomhaí	13
<i>Scéimeanna Bunáithe ar Árachas</i>	14
<i>Scéimeanna Neamh-Ranníocacha</i>	14
Tacaíochtaí don Teaghlach	15
<i>Sochar Linbh</i>	16
Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh (SWA)	16
Eagraíochtaí Seachtracha ag Tuairisciú don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh	18

Misean na Roinne:

“Is é ár n-aidhm sochaí chomhbhách a chur chun cinn trí rochtain ar tacaíocht ioncaim agus ar sheirbhísí gaolmhara a chinntiú, a chothóidh rannpháirtíocht ghníomhach, a chuirfidh cuimísú sóisialta chun cinn agus a thabharfaidh tacaíocht do theaghlaigh”

Ba é príomhghnó na Roinne riamh anall réimse tacaíochtaí ioncaim a sholáthar, mar atá, íocaíochtaí bunaithe ar árachas (ÁSPC), íocaíochta cúnaimh shóisialaigh (faoi scrúdú acmhainne), sochair thánaisteacha a bhaineann leo agus Sochar Linbh. Le fiche bliain anuas, áfach, leathnaíodh ról na Roinne go dtí réimsí eile, mar shampla, cabhrú le daoine dul ar ais ag obair, tacú le ghníomhaíochtaí pobail agus deonacha agus le gníomhaíochtaí um chomhrac in aghaidh na bochtaine, mar shampla. Le deireannas, leagadh freagracht faoi thacaíochtaí teaghlaigh mar chúram ar an Roinn.

Tuigeadh a riachtanaí agus atá sé treo dhearfach agus dóchas a thabhairt do dhaoine, rud ar tugadh faoi i gcéadóir agus Éire fós thíos le difhostaíocht ard agus geilleagar malltriallach i dtosach na '90í. Ba ansin a chuir an Roinn seo tús lena tacaíocht do thograí pobail le dealramh daoine as obair le tréimhsí fada a thabhairt ar ais isteach ina gcuid tháirgiúil den sochaí.


Bhí de thoradh ar bhunú na Roinne Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta gur tháinig athailíniú ar fhreagrachtaí i réimsí tacaíochta do ghníomhaíochtaí deonacha agus pobail.

D'eisigh an Roinn Straitéis Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine i 1997 agus rinne athbhreithniú uirthi i 2002. Idir 1994 agus 2001, laghdaíodh céatadán na ndaoine i mbuanbhochtaine ó 15.1% go 5.2%. Bunaíodh an Oifig um Chuimsiú Sóisialta i 2003, chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta in Aghaidh na Bochtaine agus chun clár foirmeálta a fhorbairt, maidir le straitéis agus taighde sonraí.

An Sprioc um Bochtaine agus

Eisiatacht Shóisialata: Tacaíochtaí éifeachtacha a bhaineann le hábhar a sholáthar do dhaoine a gcuireann bochtaine agus eisiatacht isteach orthu, agus comhordú ar fhorbairt straitéis an Rialtais sa réimse sin, i gcomhar le gníomhaireachtaí reachtúla eile, agus le gníomhaireachtaí deonacha.

Struchtúr na Roinne




Dhá chuid atá i struchtúr na Roinne, mar atá, Aireacht agus Feidhmiúchán a láimhsíonn polasaí agus riaradh seirbhísí faoi seach. Tá thart faoi 4,850 fostaí sa Roinn (níos mó ná 900 acu i gcóras postróinnte, rud is ionann agus thart faoi 4,400 post lánaimeartha).

Is faoin Aireacht atá cúrsaí polasaí. Bíonn an Aireacht ag déileáil, chomh maith, le feidhmeanna pearsanra na Roinne ar fad, agus le cúrsaí airgid.

Tá rannán Feidhmiúcháin na Roinne (ar a dtugtar Seirbhísí Leasa Shóisialaigh) faoi stiúradh an Ard-Stiúirthóra, atá ina Leas-Ard-Rúnaí, chomh maith. Tá cuid sin na Roinne freagrach as scéimeanna agus seirbhísí leasa shóisialaigh a bhainistiú agus a sheachadadh ar fud an Stáit.

Bíonn Oifig na nAchomharc ag plé le hachomhairc ó éilitheoirí nach mbíonn sásta le cinneadh na Roinne faoina n-éilimh. Coinnítear neamhspleách ar an struchtúr Leasa Shóisialaigh í, chun éisteacht úr neamhspleách a chinntiú do lucht achomharc.



Oifigí Ceanncheathrún ar Fud na Tíre


Is i mBaile Átha Cliath atá an Phríomhoifig, ach tá oifigí Ceanncheathrún eile i bhfeighil scéimeanna áirithe a riaradh.

Lonnaítear roinnt mhaith den na hoifigí sin i mbailte sna cúigí, mar chuid den pholasáí dílárnaithe atá ag an Rialtas.

Tá, mar shampla, thart faoi 260 ball foirne i mBaile Longfoirt, a láimhsíonn scéimeanna breoiteachta fadtréimhsí.

Tá thart faoi 540 ball foirne i Sligeach, a láimhsíonn pinsin seanaoise agus baintreach.

Tá thart faoi 190 ball foirne i Leitir Ceagainn, a láimhsíonn éilimh ar Shochar Linbh agus ar Shochar Cóireála.



Struchtúr Réigiúnda

Tá deich Réigiún ann chun an obair in oifigí áitiúla naRoinne a bhainistiú.

Tá Bainisteoir Réigiúin agus Foireann Bainistíochta Réigiúnda ag gach réigiún.

Roinntear gach Réigiún i gCeantair, le Bainisteoirí Ceantar, chomh maith le bainisteoir ar gach Oifig Áitiúil.


Is státseirbhísigh de chuid na Roinne seo lucht foirne na nOifigí Áitiúla.

Tá Craobhoifigí ina bhfo-oifigí a ghlacann le héileamh agus le fiosruithe i mbailte beaga. Ní státseirbhísigh, ach oibríthe conartha atá i mbainisteoirí na gCraobhoifigí, agus a lucht foirne féin ar fostú acu. Cuirtear gach obair a bhaineann le cinneadh ar éileamh ar aghaidh chuig Príomhoifigí Áitiúil.

Líon iomlán Oifigí Áitiúla/Craobhoifigí

■ Oifigí Áitiúla = 58

● Craobhoifigí = 69



Feidhmeanna Oifigí Réigiúnda agus Áitiúla

Déantar éilimh áirithe a imscrúdu, a shocrú agus a chothabháil ag foirne oifigí áitiúla. Ar na príomhéilimh sin tá cinn a bhaineann le dífhostaíocht, le teaghlai gh aontuiste agus le Cúnamh Feirme. Déantar éilimh eile, cinn a bhaineann le pinsin agus le sochar breoiteachta, mar shampla, a shocrú go lárnach.

Is féidir teastas liachta mar thaca le héileamh breoiteachta a lóisteáil in oifigí áitiúla, in áit a chur sa phost go Baile Átha Cliath nó go Baile Longfoirt.

Bíonn fáil ar Oifigíh Eolais sna hoifigí áitiúla chun faisnéis a thabhairt faoin réimse seirbhísí ar fad a sholáthraítear.

Déantar scrúdú acmhainne do phinsin agus liúntais neamhranníocacha trí mheán agallamh pearsanta i dtigh an éilitheora nó in oifigí áitiúil.

Tugann cigirí áitiúla cuairt ar fhostóirí, leis, le cinntiú go ndéantar íocaíochtaí leasa shóisialaigh a íoc mar ba chóir.

Cabhraíonn Éascaitheoirí Post in oifigí áitiúla le daoine fillleadh ar obair, ar oiliúint nó ar oideachas.

Is féidir le duine gan Uimhir Phearsanta Phoiblí ceann a iarraidh san oifigí áitiúil ar dhul i mbun oibre nó má bhíonn gá léi ar chúis ar bith eile.

Tacaíocht Ioncaim

Baineann an mhórchuid d'obair na Roinne le tacaíocht ioncaim a chur ar fáil trí réimse scéimeanna arachais shóisialaigh agus cúnamh shóisialaigh, chomh maith le Sochar Linbh do chách. Tá bonn reachtúil faoi na scéimeanna sin. Tá an Roinn freagrach, chomh maith, as réimse seirbhísí breise mar mhaithe le haicmí áirithe daoine a gheibheann tacaíocht ioncaim.

Tá córas leasa shóisialaigh na hÉireann bunaithe ar theagmhais, sa mhéid is go bhfuil réimse fairsing scéimeanna ann, gach ceann acu dírithe ar dhéileáil le teagmhais ar leith – dífhostaíocht, breoiteacht, seanaois, agus mar sin de.

Tá sé mar fhreagracht ar an Roinn riachtanais a aithint a bhaineann le tacaíocht ioncaim, leis an leibhéal ar a ndéantar freastal ar na riachtanais sin faoi láthair agus moltaí a chur chun cinn, de réir mar is gá, chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais nach ndéantar freastal orthu, agus, i gcás go mbíonn cinneadh déanta ag an Rialtas, maidir le beart le cur i bhfeidhm, féachaint chuige go ndéantar seachadadh ar scéimeanna, nó ar athruithe ar scéimeanna, de réir mar is cuí.


Spríoc um Thacaíocht Ioncaim:

Forbairt ar thacaíocht leordhóthaineach, urrúsach agus marthanach ioncaim a chur chun cinn, chomh maith le seirbhísí gaolmhara, agus seirbhísí cuí a sheachadadh ar an gcaighdeán is airde, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile a bhaineann le hábhar, agus ag freagairt do na hathruithe ar riachtanais agus ar chearta daoine, agus ag cuimhneamh ar ár bhfreagracht do ranníocóirí agus do cháiníocóirí.


Treochtaí Caiteachais

Baineann caiteachas seasta thar an gceathrú cuid den chaiteachas comhlán rialtais le leas sóisialach.

Mar chéatadán den olltáirge náisiúnta, tháinig laghdú thart faoin tríú cuid ar an gcaiteachas sin le 10 bliain anuas. Is méadú ar an ngeilleagar a léiríonn sé sin, áfach, seachas laghdú ar fhíorluach an chaiteachais um leas sóisialach. De réir mar a mhoilligh ráta fáis an gheilleagar i 2002, mhéadaigh arís ar an gcaiteachas um leas sóisialach, mar chéatadán den GDP.



Idir 1993 agus 2002 tháinig méadú 30% ar an Innéacs Praghsanna do Thomhaltóirí, ach méadú 106% ar chaiteachas comhlán leasa shóisialaigh.



Páirtíocht Shóisialta agus Méaduithe Bliantúla


Socraíonn an Rialtas arduithe bliantúla ar rátaí íocaíochta agus athruithe ar rátaí ranníocacha nó ar thairsigh um árachas, agus Cáinainéis Bhliantúil á réiteach ina chomhthéacs chuige sin. Is iondúil go mbíonn na méaduithe sin níos airde ná méaduithe ar an gcostas maireachtála. Téann idirbheartaíocht i gcomhthéacs comhaontuithe leis na páirtithe sóisialacha i gcion orthu, leis.

Sna 1980í déanacha, thuig an Rialtas agus na páirtithe sóisialta go raibh fás an gheilleagair á mhoilliú ag na rátaí arda boillsithe, na héilimh ar arduithe tuarastal dá bharr agus míshocracht tionsclaíochta, agus na nithe sin ina mórchúiseanna moille. Tháinig as na cainteanna sin sraith comhaontuithe, a mhaireann ar feadh tréimhse 3 bliain, de ghnáth, agus a chlúdaíonn réimse leathan polasaí gheilleagraigh, arduithe náisiúnta tuarastal, síocháin tionsclaíochta agus forbairt shóisialta. Chabhraigh na comhaontuithe sin go mór (mar aon le tosca eile, ina measc sin lucht oibre le hoideachas maith, clár straitéiseach um chruthú post agus polasaí airgeadais) leis an bhfás rábach gheilleagrach ó 1995 go 2001.

Bíonn ionadaithe ag na heagraíochtaí feirmeoireachta agus deonacha páirteach san idirbheartaíocht a ghabhann leis na comhaontuithe sin anois, in éineacht leis na páirtithe sóisialta a bhí riamh ann: fostóirí agus ceardchumann. Toisc go mbíonn caiteachas leasa shóisialaigh ag cur leis an ngeilleagar agus ag tarraingt as, faoi seach, tugtar isteach faoi scóip na gcainteanna sin é. Dá thoradh sin, tá méadú feasachta ar gach taobh, maidir lena riachtanaí is atá comh-mheá a bhaint amach idir na tosca gaolmhara ar fad a théann i gcion ar shláinte gheilleagrach an náisiúin.

Tá sé de nós ag an Aire Gnóthaí Sóisialaigh agus Teaghlaigh glacadh le haighneachtaí réam-Cháinainéise ó réimse leathan eagraíochtaí deonacha, agus bualann leo go pearsanta ag fóram réam-Cháinainéise. Bíonn de bhuntáiste aige sin, ní hamháin maidir le méadú ar an tuiscint gur cuid den phróiseas comhairliúcháin éisteach, ach i bhforbairt an aitheantais ar cé chomh líonmhar is atá na héilimh in iomaíocht lena chéile, maidir leis na forálacha leasa shóisialaigh a leasú, agus buanna dá gcuid féin ag gach éileamh acu sin, ach a sháraíonn go mór i dteannta a chéile cumas ár ngeilleagair freastal a dhéanamh láithreach orthu ar fad.

Caiteachas de réir Clár



Aireoidh Éire an t-ualach a bhaineann le pinsin seanaoise a airgeadú níos déanaí ná mar a aireoidh tíortha Eorpacha eile é. Cheana féin, áfach, sáraíonn an caiteachas ar phinsin Seanaoise agus Scoir caiteachas ar earnáil ar bith eile.

Coinnítear costais Riaracháin faoi 5% in aghaidh na bliana (4.4% i 2002). Íoctar costais riaracháin a ghabhann le sochair ranníocacha leasa shóisialaigh a bhaint as an gCiste um Árachas Leasa Shóisialaigh.

Saghanna Scéimeanna

Córas “measctha” leasa shóisialaigh atá á fheidhmiú ag Éirinn – córas um árachas leasa shóisialaigh agus córas um chúnamh shóisialaigh.

Maidir le mórchuid rioscaí leasa shóisialaigh, soláthraíonn Éire scéim ranníocach do dhaoine a mbíonn cúlra tréimhsí fostaíochta acu agus scéim neamhranníocach, bunaithe ar scrúdú acmhainne, do dhaoine nach mbíonn i dteideal sochair ranníocaih.


Scéimeanna Neamh-Ranníocacha

Íoctar pinsin neamh-ranníocacha bunaithe ar scrúdú acmhainne as cáin i gcoitinne, ach íoctar na pinsin ranníocacha as an gCiste um Árachas Leasa Shóisialaigh. Tá an t-uasráta, maidir le teideal faoin scéim neamh-ranníocach thart faoi 10% níos ísle ná ráta caighdeánach na scéime ranníocái gaolmhaire. Sáraíonn an caiteachas in aghaidh na bliana ar scéimeanna neamh-ranníocacha i láthair na huaire an caiteachas ar scéimeanna árachas leasa shóisialaigh, ach is í an treocht fhadtréimhseach atá ann, teidil bunaithe ar árachas a chur in áit an éilimh ar scéimeanna cúnaimh.

Scéimeanna um Árachas Leasa Shóisialaigh

Maoinítear na scéimeanna um árachas leasa shóisialaigh ar bhonn “íoc mar a théir”. Íocann fostóirí, fostaithe agus daoine féinfhostaithe ranníocaíochtaí. Maoiníonn an Rialtas easnamh ar bith sa bhliain. Ó 1995 i leith, tá fuilleach beag ioncaim thar chaiteachas in aghaidh na bliana, de thairbhe an dul i bhfeabhas ó thaobh an gheilleagair agus na fostaíochta de.

Baineann árachasú éigeantach le gach duine thar 16 bliain d’aois, bídis fostaithe nó féinfhostaithe.



- ❑ Tá clúdach do gach sochar ag 80% de lucht oibre na tíre.
- ❑ Tá 12% de lucht oibre na tíre féinfhostaithe – gan de chlúdach acu ach pinsin na seanaoise agus an bhaintreachais agus deontais um méala báis agus máithreachas.

❑ Tá 7% ina seirbhísigh poiblí, a íocann rátaí speisialta agus a mbíonn a gcearta chun sochar rialaithe ag coinníollacha speisialta. Ó 1995 i leith, áfach, clúdaítear ar an ngnáthráta gach fostaí nua de chuid na seirbhíse poiblí.

❑ Cuimsíonn na haicmí eile (1%) daoine fostaithe os cionn 66 bliain d’aois agus daoine i bhfostaíocht fhíor-pháirtaimseartha le tuilleamh faoi bhun teorann sannaithe, nach gclúdaítear ach do ghortuithe ceirde amháin.

Is 8.5% nó 10.75% de thuarastail a bhfostaithe atá á chur isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh i 2004 ag fostóirí, ag brath ar ráta na dtuarastail, agus is 4% nó 6% a íocann na fostaithe. Tugadh dreasacht fostaíochta isteach i 2000, ag tabhairt díolúine do dhaoine fostaithe ar thuarastail ísle (faoi bhun €287 in aghaidh na seachtaine i láthair na huaire), a fhágann nach mbíonn orthu a sciar féin ranníocaíochtaí a íoc.

Íocann daoine féinfhostaithe 3% nó 5%, ag brath ar a leibhéal ioncaim.

Cé gur bunaithe ar thuarastail a bhíonn na ranníocaíochtaí, is ráta comhionann a bhaineann leis na sochair ar fad, ach amháin sochair um máithreachas agus sochair ghaolmhara. Ina theannta sin, i gcás ina raibh an ráta tuarastail roimh ré i bhfad níos lú ná an gnáthráta sochar, íoctar rátaí laghdaithe.

Is féidir ardú a bheith iníoctha, maidir le céile nó le páirtí an éilitheora, ag brath ar scrúdú acmhainne, agus maidir le leanaí cleithiúnacha ar bith dá c(h)uid.

Ag brath ar an sochar nó ar an bpinsean a éilítear, is iondúil go mbíonn dhá ranníocaíocht riachtanach. Is gá líon áirithe ranníocaíochtaí in aghaidh na seachtaine a bheith íoctha, agus meán áirithe in aghaidh na bliana thar a saol oibre (do phinsean na seanaoise) nó sa bhliain roimhe sin, maidir le sochair ghearrthréimhseacha breoiteachta nó dífhostaíochta. Cuirtear ranníocaíochtaí chun sochair do dhuine (agus ríomhtar de réir an gnáthchoinníll iad) do sheachtainí ina n-íoctar sochar breoiteachta, dífhostaíochta, nó eile.

Ní bhíonn tréimhse ranníocaíochtaí de dhíth do mhórchuid na sochar um ghortú ceirde, a íoctar i gcás go mbíonn duine i bhfostaíocht inárachais san am ar gortaíodh é/í.

Scéimeanna do Dhaoine Aosta

Íoctar **Pinsean Scoir** do dhuine in aois a 65 bliain, ach é/í a bheith éirithe as an obair agus na coinníollacha um ranníocaíochtaí a shásamh. Bíonn duine i dteideal **Pinsean Seanaoise** a fháil in aois a 66 cuma an mbíonn sé/sí ar scor, nó nach mbíonn. 70 bliain a bhíodh ann, nuair a tugadh an Pinsean Scoir isteach i gcéadóir, ach íslíodh é sin de réir a chéile sna 1970í. Bíonn an scrúdú ranníocaíochtaí don pinsean seanaoise níos solúbtha ná don pinsean scoir, rud a fhágann go mba bhuntáiste do roinnt daoine aistriú in aois a 66 bliain. Is comhionann teideal beagnach gach duine anois, agus fanann siad ar an bpinsean scoir.

Íoctar pinsean bunaithe ar scrúdú acmhainne le duine thar 66 gan dóthain ranníocaíochtaí chun cáiliú do phinsean ranníocach, más ioncam níos lú ná tairseach áirithe atá acu, e.g. is féidir le céile pinsinéara ranníocaigh le hioncam fíorbheag eile cáiliú do ráta pearsanta níos mó ná an meadú iníoctha ar an bpinsean ranníocach.

Má bhíonn duine thar 55 as obair agus ag éileamh sochair le breise agus bliain, b'fhéidir go roghnódh sé/sí scor luath agus glacadh le **Liúntas Réamhscoir** go dtí aois a 66 bliain. Baineann scrúdú acmhainne leis sin. Tugadh isteach é ag am ina mbíodh sé deacair do dhuine

den aois sin fostaíocht a fháil, agus níor cuireadh deireadh leis nuair a tháinig leathnú ar na deiseanna fostaíochta. Is amhlaidh a bhítear ag spreagadh éilitheoirí nua anois chun athoilúint nó fostaíocht a lorg, seachas éirí as an margadh oibreachais.

Cruthaíodh, thar na blianta, sochair de bhreis chun cabhrú le daoine aosta leanúint dá dteagmháil ghníomhach leis an sochaí:

- ❑ Is sochar don uile dhuine thar 66 a chónaíonn in Éirinn an **Saorthaisteal**, cuma cén t-ioncam a bhíonn acu. Eisítear pas taistil a cheadaíonn don duine taisteal saor in aisce ar Iarnród Éireann agus ar bhusanna cathracha agus tuaithe, agus íocann an Roinn suim bhliantúil airgid leis an soláthraí, bunaithe ar úsáid mheasta na háise.
- ❑ Cabhraíonn **Sochair Teaghlaigh** le billí aibhléise agus gutháin, chun go mbainfidh daoine aosta leas a ndóthain as teas agus as solas, gan call ar bith a bheith imníoch faoina n-éagumas i leith a n-íochta. Bhídís sin dírithe i dtosach ama ar chúinsí teaghlaigh, ach tá forbairt anois i dtreo coinníollacha chun teidil a leathnú agus costais riaracháin a laghdú, tríd an struchtúr íocaíochta a aontú.

- ❑ Íoctar **Liúntas Breosla** in aghaidh na seachtaine, mar fhorlíonadh leis an bpinsean, sna 7 mí is fuaire sa bhliain. Díritear é sin ar dhaoine ag brath ar a bpinsean mar ioncam.
- ❑ Íoctar **Liúntas um Chónaí Aonair** mar fhorlíonadh trína n-aithnítear go mbíonn costais teaghlaigh de bhreis ag duine a chónaíonn ina (h)aonar.
- ❑ Íoctar forlíonadh breise i gcás go mbíonn an faighteoir **thar 80 bliain** d'aois.

Tacaíochtaí Grúpaí Aoise Gníomhaí

Is iomaí sin scéim chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais éagsúla daoine san aoisghrúpa 18 go 66 bliain nach bhfuil ar a gcumas dul ag obair. Ina theannta sin, tá scéimeanna bunaithe ar árachas agus ar scrúdú acmhainne.

Sprioc um Fhilleadh ar Obair:

Cabhrú le daoine in aoisghrúpaí gníomhacha a bhíonn ag brath ar thacaíochtaí Stáit fillleadh ar obair nó rannpháirtíocht a ghlacadh in oiliúint nó in ardoideachas, trí raon beart tacaíochta, ina measc sin iad a chur ar athchur, más gá, go dtí gníomhaireachtaí eile.

Le blianta beaga anuas tá tabhairt cúnaimh agus spreagtha do lucht faighte tacaíochtaí ioncain fillleadh ar an margadh gníomhach oibreachais mar ghné fhíorthábhachtach d'obair na Roinne i gcoitinne. Is cuid an ról seo spreagtha chun gnímh den ollchuspóir an chuid is fearr a bheith á bhaint as a chéile ag an margadh oibreachais agus ag na córais leasa shóisialaigh, go deilíneach.

Is é cuspóir an ghníomhaithe, an córas leasa shóisialaigh a bheith ina bhonn spreagtha do rannpháirtíocht gníomhach, ag aithint, ag an am céanna nach féidir go mbeadh sé sin i gcumas gach duine. Is cur chuige é seo atá curtha i bhfeidhm i roinnt mhaith tíortha eile, agus a cuireadh chun cinn i ráitis éagsúla polasaí agus tionscnamh ar leibhéal an AE.

Tá dlúthchomhar le gníomhaireachtaí áirithe eile riachtanach do phróiseas an ghníomhaithe in Éirinn. Roinnimid an fhreagracht sa réimse, ach go háirithe, leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta FAS (an t-údarás náisiúnta oiliúna agus socrúcháin), an tSeirbhís Áitiúil um Fhostaíocht agus scata eagraíochtaí eile ar an leibhéal áitiúil.

Scéimeanna Bunaithe ar Árachas

Is ar dhaoine a bhíonn breoite ar feadh tréimhsí gearra atá **Sochar Míchumais** dirithe. Má tá ranníocaíochtaí thar 5 bliain ag duine, bíonn sé iníoctha ar feadh na tréimhse breoiteachta é. Soláthraíonn **Pinsean Buanmhíchumais** do dhaoine nach bhfuil i gcumas obair a dhéanamh, i ngeall ar bhreoiteacht fhadtréimhseach nó ar mhíchumas fadtréimhseach. Tá soláthar eile ar fad ann do dhaoine a ghlac breoiteacht nó gortú as a gcuid fostaíochta.

Tacaíocht bhunúsach ioncaim é **Sochar Cúramóra** don té a éiríonn as an obair chun cúram lánaimeartha a thabhairt do dhuine breoite nó aosta a bhíonn ina ghátar.

Bíonn **Sochar Dífhostaíochta** iníoctha i gcás ina gcailleann duine post, agus is féidir a íoc go ceann 15 mí.

Cuimsíonn clúdach árachas leasa shóisialaigh ranníocaíocht um **chostais déad agus súl**.

Scéimeanna Neamh-Ranníocacha

Ar na scéimeanna don aoisghrúpa 18 go 66 lena mbaineann scrúdú acmhainne tá na cinn seo a leanas.

Déanann **Liúntas Buanmhíchumas** soláthar do dhaoine a gcuireann míchumas suntasach coirp nó intinne isteach ar a gcumas chun fostaíocht a fháil.

Cuirtear **Liúntas Cúramóra** ar fáil don té a thugann cúram lánaimeartha do dhuine breoite nó aosta a bhíonn ina ghátar, tar éis na tréimhse 15 mí ar an Sochar Cúramóra dóibh, nó iad gan taifead fostaíochta sách mór chun cáiliú chuige sin.

Bíonn **Cúnamh Dífhostaíochta** iníoctha i gcás go mbítear tar éis Sochar Dífhostaíochta a íoc le 15 mí, nó íoctar é le duine gan taifead árachais. Is féidir a íoc le duine go dtí aois an phinsin, má tharlaíonn nach féidir leis an duine fostaíocht a fháil.

Bíonn **Cúnamh Feirme** iníoctha le feirmeoirí beaga nach féidir leo beatha a bhaint as a sealúchais.

Scéim seanbhunaithe is ea an **Pinsean Daill**, mar mhaithe le daoine nach féidir leo leanúint dá ngnáthfhostaíocht i ngeall ar laige a radhairc.

Íoctar an **Liúntas Ar Ais Ag Obair** mar dhreasacht do dhuine a bhí breoite, dífhostaithe nó ina t(h)uismitheoir aonair, chun go bhfillfeadh sé/sí ar an obair. Déantar a íoc thar thréimse 3 bliain ar ráta laghdaithe % den teideal a bhí acu roimhe sin. Déantar a íoc thar 4 bliain le duine ag dul i mbun féinhostaíochta – sa chéad bhliain ar 100% dá dteideal roimhe sin.

Íocaíocht leanúnach den chúnadh dífhostaíochta atá sa **Liúntas Ar Ais Chun Oideachais**, don té a théann ar ais ar scoil chun oideachas den dara leibhéal a chríochnú, nó chun luigh isteach ar oideachas tríú leibhéal, chun a c(h)umas infhostaíochta a fheabhsú.

Ceaptar Éascaitheoirí Fostaíochta i Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta na Roinne, chun cabhrú le daoine fostaíocht a aimsiú agus comhairle a chur orthu, maidir leis an réimse dreasachtaí agus tacaíochtaí a bhíonn ar fáil.

Tacaíochtaí don Teaghlach

Spríoc do Theaghlaigh:

Tacú le teaghlaigh, maidir le cúram a sholáthar do leanaí agus do bhaill chleithiúnacha eile an teaghlaigh, chun tacaíochtaí sainiúla a chinntiú do theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste nó in aighneas, do theaghlaigh aontuisteacha nó ar ioncain ísle, ag comhoibriú le gníomhaireachtaí eile chun freagraí a aithint agus a fhorbairt, maidir le mórcheisteanna a bhaineann le teaghlaigh.

Is féidir le **pinsin do bhaintreacha agus do dhílleachtaí** a bheith bunaithe ar árachas nó ar riachtanas. Ní bhíonn pinsin ranníocacha ag brath ar spleáchas – d'fhéadfadh duine a bheith ag obair agus i dteideal Pinsean Ranníocach Baintrí a fháil. Baineann rátaí níos airde i gcás go mbaineann an méala báis le gortú ceirde. Cáilíonn leanbh mar dhílleachtaí má chailleann tacaíocht na beirte tuismitheoirí, de dheasca an bháis nó an tréigthe, nó má theipeann orthu soláthar don leanbh. Ó 1994 i leith, clúdaítear fir faoi na coinníollacha céanna baintrí le mná.

I gcás íocaíochtaí neamhrannaíocacha, leathnaíodh a scóip go gach **teaghlach aontuisteach** ina ngátar, cuma an tuismitheoir a bheith ina b(h)aintreach, nó é/í tréigthe nó neamhphósta.

Bíonn an scrúdú acmhainne go mór i bhfách teaghlach aontuisteacha, chun daoine a spreagadh chun glacadh le hobair pháirtaimseartha nó chun fillleadh ar an lucht oibre.

Íoctar **Liúntas Forlíontach Ioncam Teaghlaigh** chun duine i bhfostaíocht ar ioncam íseal le leanbh amháin ar a laghad a spreagadh chun leanúint den obair, seachas éirí aisti. Íoctar é ar ráta 60% den difríocht idir an tuarastal (nó an dá thuarastal in éineacht, i gcás go mbíonn na tuismitheoirí araon i bhfostaíocht ar ioncam íseal) agus an teorainn a leagtar síos do theaghlach dá líon.

Íoctar **Sochar Máithreachais** go ceann 18 seachtaine ar bhreith linbh, 4 seachtain roimh an bhreith agus 14 ina diaidh. Déantar íocaíocht dá sórt a íoc go ceann 14 seachtain le **tuismitheoir uchtála**. Tá idir ranníocóirí fostaithe agus féinfhostaithe clúdaithe i gcomhair na sochar sin. Ina theannta sin, tá ranníocóirí fostaithe i dteideal íocaíocht sochair a fháil nuair a thugtar saoire daoibh de bhun na **sláinte agus na sábháilteachta** agus iad torrach nó ag tabhairt cíche do leanbh. Is é an saghas sin sochar árachas shóisialaigh amháin a bhíonn bunaithe ar ioncam – 70% de thuilleamh roimhe sin, faoi réir ag uasrátaí agus íosrátaí.

Íoctar **Deontas Méala** le neasgholta ar bhás a ngaoil, i gcás go sásaíonn an t-éagáí nó an tairbhí an coinníoll um ranníocaíocht um árachas leasa shóisialaigh.

Sochar Linbh

Scéim do chách é seo faoina dtugtar íocaíocht mhíosúil do gach uile tuismitheoir, mar thacaíocht dá leanaí, cuma an mbíonn an tuismitheoir sin fostaithe nó dífhostaithe, agus bíonn an íocaíocht sin beag beann ar ioncam. Níl de choinníoll leis an íocaíocht sin ach cónaí in Éirinn a bheith ar an leanbh, agus déantar an sochar sin a íoc as cáin i gcoitinne.

Bíonn an sochar sin iníoctha i leith linbh go dtí aois a 16 bliain, agus cuirtear síneadh leis go dtí aois 19 do leanbh in oideachas lánaimseartha nó faoi mhíchumas coirp nó intinne.

Liúntas Forlíontach Leasa Shóisialaigh (SWA)

Líontán sábháilteachta atá sa scéim seo, a chinntíonn soláthar láithreach mar mhaolú ar an mbochtaine, le heisceachtaí teoranta. Ní féidir le daoine i bhfostaíocht thar 30 uair in aghaidh na seachtaine, daoine in oideachas lánaimseartha ná lucht oibre ar stailc an liúntas sin a fháil, ach is féidir le céile agus leanaí leanaí duine faoi thionchar ag aighneas ceirde.

Bíonn sé iníoctha le linn do dhuine a bheith ag feitheamh le cinneadh faoi éileamh leasa shóisialaigh, nó má theipeann air/uirthi cáiliú don saghas sin íocaíochta ar chúis amháin nó eile, ach a bhíonn in anstad airgeadais. Mar shampla, is iondúil nach gceadaítear do lucht iarrtha tearmainn dul ag obair, agus nach mbíonn ar a gcumas na coinníollacha dífhostaíochta a shásamh ar an ábhar sin. Is féidir leo SWA a fháil má chónaíonn siad neamhspleách ar an Stát, nó ar ráta laghdaithe i gcás go soláthraíonn an Stát costas a lóistín agus a gothabhála.

Bhain níos mó ná 50% de chaitechas SWA i 2002 le híocaíochtaí forlíonta ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh do chíos agus do chóiríocht. Íocfar ús morgáiste go ceann bliana le duine i dtrioblóid i ngeall ar chailliúint fostaíochta. Bheifí ag súil gurbh fhéidir leo a ndeacrachtaí a réiteach le linn na bliana sin, trí chóiríocht eile a fháil.

Is féidir íocaíochtaí as riachtanais eisceachtúla nó práinneacha a íoc faoi rogha an oifigigh áitiúil, chun cabhrú le duine riaráistí billí aibhléise, caitechas ar bhreith linbh, srl., a íoc. Is féidir le daoine ar ioncam leasa shóisialaigh deontas bliantúil a fháil chun costais éadaí a ghlanadh ag tús scoilbhliana.

Cé go ndéantar a mhaoiniú ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, déantar a riaradh ag Oifigigh um Leas Pobail ag obair in Ionaid Áitiúla Sláinte.

Eagraíochtaí Seachtracha ag Tuairisciú don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

Cuireann gníomhaireacht **Comhrac na Bochtaine** comhairle ar an Aire, maidir le ceisteanna a bhaineann leis an mbochtaine, ag cur taighde chun cinn, ag píolótú treoirphleananna gnímh agus i mbun monatóireachta ar dhréachtreachtaíocht, maidir lena tionchar ar an mbochtaine.

Cuireann **Bord na bPinsean** comhairle ar an Aire, maidir le polasaí bainteach le pinsin agus déanann maoirseacht ar reachtaíocht agus ar riaradh pinsean ceirde. Tá thart faoi 50% de líon na ndaoine fostaithe faoi chlúdach ag scéimeanna pinsean eagraithe ag a bhfostóirí. Cuireann na scéimeanna seo ar a chumas don oibrí cur leis an bpinsean árachas leasa shóisialaigh in am scoir le pinsean príobháideach de bhreis, a laghdaíonn an bhearna idir ioncam scoir agus réamhscoir. Tugadh Cuntais Phearsanta Coigiltis Scoir isteach i 2003, agus tá ceangal ar fhostóirí anois deis a chur ar fáil dá bhfostaithe cuntais den chineál sin a oscailt. Is leis an bhfostaí an PRSA, agus, ar an ábhar sin, ní dhéantar iad a reo le linn don fostaí imeacht go dtí post eile. Táthar ag súil go leathnóidh bearta mar sin clúdach faoi pinsean breise go dtí 70%.

Tá **Comhairle** freagrach as tacú le soláthar eolais neamhspleáigh, comhairle agus seirbhísí abhcóideachta do shaoránaigh ar fud na tíre.

Cuireann 85 Ionad áitiúil Eolas Pobail faisnéis ar fáil, maidir le soláthair agus seirbhísí uile an Stáit. Oibríonn Comhairle Glao-Ionad Faisnéise do Shaoránaigh, Centre, agus déanann suíomh idirlín www.oasis.gov.ie a chothabháil le síor-nuashonrú eolais.

Gníomhaireacht is ea **Reach** atá ar an bhfaobhar gearrtha, maidir le seirbhísí r-Rialtais a fhorbairt do phobal na hÉireann, ag cabhrú le Ranna Rialtais agus le gníomhaireachtaí an Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí a usáid. Cuirfear **Bróicéir Seirbhísí Poiblí** ag obair go gairid amach anseo, chun sonraí pearsanta a choinneáil go lárnach ar son an tsaoránaigh, agus chun rialú a dhéanamh ar rochtain ar na sonraí sin ag seirbhísí a bhaineann le hábhar. Cuirfidh sé sin deireadh le hathsheiceáil sonraí ag an iliomad seirbhísí, trí shonraí a fhíorú ar dteacht isteach i gcéadóir, agus deimhniú a sholáthar ina leith don Roinn nó don oifig a bhaineann le hábhar, maidir le héilimh leasa shóisialaigh, le pasanna, le ceadúnais tiomána, le seirbhísí sláinte, le seirbhísí oideachais, srl. Chabhraigh ríomhrú na seirbhíse um chlárú sibhialta (breitheanna, póstaí, báis, srl.) le tulleadh forbartha, uatheisiúint foirmeacha iarratais um Shochar Linbh, mar shampla, ar bhreith an chéad linbh, agus uathíoc rátaí méaduithe um Shochar Linbh ar breith an linbh ina dhiaidh.

Tá an Roinn seo freagrach, chomh maith, as polasaí a bhaineann le Gnóthaí Teaghlaigh. Ar na freagrachtaí atá ar an **nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh** tá tabhairt faoi thaighde, faisnéis a sholáthar agus a scaipeadh, maidir le ceisteanna i leith tuismitheoireachta agus teaghlaigh, agus comhairle a chur ar an Aire faoi ceisteanna a bhaineann le teaghlaigh.

Ina theannta sin, maoiníonn an Ghníomhaireacht seirbhísí, maidir le –

- comhairliúchán um pósadh agus caidreamh,
- seirbhísí eadrána do lánúna le linn a scartha, agus
- ionad áitiúla Acmhainní Teaghlaigh, a sholáthraíonn seirbhísí éagsúla tacaíochta do theaghlaigh i gceantair ar a mbíonn baol eisiatachta le sonrú.

An tSeirbhís um Chomhairle Airgid agus Buiséadachta (MABS)

Tá MABS i mbun oibre ar fud na tíre, trí 52 tionscadal áitiúla. Tá an tseirbhís sin dírithe ar theaghlaigh agus ar dhaoine aonair a mbíonn fadhbanna i leith fiacha agus airgead ar iasacht le sonrú orthu. Soláthraí neamhspleách faisnéise agus seirbhísí is ea gach tionscadal acu sin. Is baill de ghrúpaí áitiúla deonacha, reachtúla agus pobail baill a gcoistí bainistíochta.

Tá breis eolais, maidir le scéimeanna agus gníomhaíochtaí uile na Roinne ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne:

www.welfare.ie

